

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001
- Comhairleoir Speisialta-

Ráiteas Leasanna ‘Nialasach’

chun críocha Alt 19 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995

Comhlánaigh i mBLOCLITREACHA le do thoil

Ainm:	
Post i Seilbh:	
Roinn:	
Dáta an Cheapacháin:	
Tréimhse a Chuimsítear leis an Ráiteas seo: (m.sh. 1ú Eanáir go 31ú Nollaig nó cuid de):	
Seoladh le haghaidh Comhfhreagrais:	

Dearbhaím leis seo, maidir leis an tréimhse a chlúdaítear sa ráiteas seo, nach bhfuil aon leasanna, mar atá sonraithe san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, de mo chuid féin, nó, go bhfios dom féin, de mo chéile nó mo pháirtneir sibhialta nó mo leanbh nó leanbh mo chéile, a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ormsa, nó i ndáil le, feidhmiú fheidhmeanna an phoist mar chomhairleoir speisialta.

Is eol dom freisin na hoibleagáidí a chuirtear orm le hAlt 19(3)(a)(ii) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995¹ (féach thíos).

Sínithe: _____

Dáta: _____

¹ in aon chás ina bhfuil feidhm den phost mar chomhairleoir speisialta le comhlíonadh agus go bhfuil a fhios iarbhír ag an gcomhairleoir speisialta go bhfuil baint aige nó aici nó duine nasctha le leas ábhartha i ní lena mbaineann an fheidhm, de réir bhrí an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus alt 97 den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chomhchónaitheoirí 2010, ullmhóidh sé nó sí ráiteas i scríbhinn ar na fíorais sin agus tabharfaidh sé nó sí don sealbhóir oifige agus don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí é agus ní chomhlíonfaidh sé nó sí an fheidhm mura bhfuil cúiseanna láidre á cheangal air nó uirthi déanamh amhlaidh.. Má bheartaíonn an comhairleoir speisialta an fheidhm a chomhlíonadh, déanfaidh sé nó sí ráiteas i scríbhinn ar na cúiseanna láidre a dúradh a ullmhú agus a thabhairt don sealbhóir oifige agus don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí.